

GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE DO BHAILL FOIRNE AR CONRADH

BAILL FOIRNE SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA

- A. OIFIGIGH SHLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA (Grúpa Feidhme III)
B. COMHAIRLEOIRÍ SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA (Grúpa Feidhme IV)

EPSO/CAST/S/12/2015

I. RÉAMHRÁ

Ar iarratas ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag seoladh próiseas roghnúcháin chun bunachar sonraí d'iarrthóirí a roghnaíodh a chur ar bun óna bhféadfar baill foirne ar conradh a earcú mar Oifigigh Shlándála Réigiúnacha (OSR) agus mar Chomhairleoirí Slándála Réigiúnacha (CSR).

I ndiaidh don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí é a earcú, is gnách go gcuirtear an OSR/CSR faoi chúram cheanncheathrú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí ó thaobh cúrsaí oibríochtúla agus riaracháin de agus faoi chúram Cheann Ionadaíochta an ionaid ina bhfuil sé lonnaithe ó thaobh cúrsaí buiséid de. Bíonn sé de chúram air féachaint chuig chosaint agus sábháilteacht daoine, earraí agus faisnéise de chuid na hIonadaíochta ina bhfuil sé lonnaithe agus na nIonadaíochtaí atá faoina chúram.

Faoi réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá an caidreamh oibre leis na hinstiúidí Eorpacha. Tá na coinníollacha oibre ar fáil ina n-iomláine anseo: <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20100101:EN:PDF> (Caibidil IV, leathanach 172)¹.

Is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí a úsáidfidh bunachar sonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo. **Is in Ionadaíochtaí de chuid an Aontais a bheidh formhór na bpost.** Beidh fórbheagán post i mBruiséil na Beilge freisin.

Sa tábla thíos léirítear líon na mball foirne ar conradh a mheastar a bheidh de dhíth ar na hinstiúidí sa réimse seo le linn tréimhse ama sonraí. Tá fad teoranta na gconarthaí agus uainíocht foirne curtha san áireamh ann.

Ag seo méid an phainéil iarrthóirí, a bheag nó a mhór, atá na hinstiúidí a iarraidh don tréimhse trí bliana 2015 go 2018:

Grúpa Feidhme	Próifíl	Líon
III	Oifigeach Slándála Réigiúnach (OSR)	60
IV	Comhairleoir Slándála Réigiúnach (CSR)	60

Ní féidir le hiarrthóirí clárú ach d'aon phróifíl amháin agus d'aon Ghrúpa Feidhme amháin. Tá cur síos ar an nós imeachta clárúcháin i Roinn VI ('Céimeanna roghnúcháin').

¹ Na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta gníomhairí ar conradh arna bhfostú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa, tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO.

II. DUALGAIS AN PHOIST²

OIFIGIGH SHLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA (OSR) (Grúpa Feidhme III)

Faoi mhaoirseacht oifigigh, tugann an OSR comhairle theicniúil do Cheanncheathrú agus Cinn Toscaireachtaí an limistéir gheografaigh atá faoina inniúlacht maidir leis an leibhéal baoil i dtíortha an limistéir sin agus maidir leis na bearta slándála is cuí a dhéanamh; déanann sé sin i ndiaidh dó faisnéis a bhailiú ar an dóigh chuí agus anailísiú a dhéanamh ar na rioscaí.

Déanann an OSR úsáid an trealaimh agus cur chun feidhme na nósanna imeachta maidir le slándáil daoine, earraí agus faisnéise, déanann sé iad a cheapadh agus a mheas agus déanann sé maoirsiú agus measúnú teicniúil orthu.

Cothaíonn an OSR dea-chaidreamh leis na húdaráis agus/nó na gníomhaireachtaí agus cuireann sé ar bun na naisc is gá leis an tsochaí shibhialta. Glacann sé páirt i gcruinnithe slándála a eagraíonn na Ballstáit, na Náisiúin Aontaithe agus/nó comhpháirtithe eile.

Cuireann an OSR bearta chun feidhme a bhaineann le fearais agus nósanna imeachta bainistithe géarchéime, gnéithe den aslonnú san áireamh.

Ceapann an OSR bearta teicniúla agus déanann sé obair iardain ar mholtaí i réimsí a inniúlachta (slándáil daoine, earraí agus faisnéise).

Féachann an OSR chuige go gcomhlíontar nósanna imeachta slándála nuair a bhíonn géarchéim i dToscaireacht atá faoina chúram geografach agus, nuair a bhíonn aslonnú ann, nuashonraíonn sé liostaí na mball foirne agus na dteaghlaigh ar easaoránaigh iad.

Déanann an OSR feacht a neartú, comhairle theicniúil a thabhairt agus easaoránaigh agus baill foirne eile a oiliúint maidir le ceistanna cosanta/slándála.

Glacann an OSR páirt i gcur chun feidhme beart slándála agus déanann sé Ceancheathrú agus Cinn Toscaireachtaí an limistéir gheografaigh atá faoina inniúlacht a choinneáil ar an eolas trí thuariscíú tráthrialta ó bhéal agus i scríbhinn.

Déanann an OSR anailísiú riosca go tráthrialta ar thíortha atá faoina chúram le huirlisí anailísithe riosca atá aitheanta.

COMHAIRLEOIRÍ SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA (CSR) (Grúpa Feidhme IV)

Faoi mhaoirseacht oifigigh, tugann an CSR comhairle do Cheanncheathrú agus Cinn Toscaireachtaí an limistéir gheografaigh a bhfuil inniúlacht air maidir leis an gcás baoil atá i dtíortha a mbaineann an cheist leo agus maidir leis na bearta slándála is cuí a dhéanamh i ndiaidh dó faisnéis a bhailiú ar an dóigh chuí agus anailísiú a dhéanamh ar na rioscaí.

Déanann an CSR úsáid an trealaimh agus na nósanna imeachta maidir le slándáil daoine, earraí agus faisnéise a cheapadh agus a mheas agus déanann sé maoirsiú agus measúnú orthu.

Cothaíonn an OSR dea-chaidreamh leis na húdaráis agus/nó na gníomhaireachtaí agus cuireann sé ar bun na naisc is gá leis an tsochaí shibhialta. Glacann sé páirt i gcruinnithe slándála a eagraíonn na Ballstáit, na Náisiúin Aontaithe agus/nó comhpháirtithe eile.

Cuireann an CSR bearta chun feidhme a bhaineann le fearais agus nósanna imeachta bainistithe géarchéime, gnéithe den aslonnú san áireamh.

Féachann an CSR chuige go gceaptar bearta teicniúla agus déanann sé obair iardain ar mholtaí i réimsí a inniúlachta (slándáil daoine, earraí agus faisnéise).

² Na próifílí a bhfuil cur síos orthu sa ghlaio seo ar léiriú spéise, is leaganacha simplithe iad de na próifílí cineálacha a úsáidfear agus conarthaí á ndrúchtú. Tá na leaganacha simplithe seo curtha ar fáil chun críocha faisnéise agus níl siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

Féachann an CSR chuige go gcomhlíontar nósanna imeachta slándála nuair a bhíonn géarchéim i dToscaireacht atá faoina inniúlacht gheografach agus déanann sé maoirseacht ar nuashonrú liostaí de bhaill foirne agus teaghlaigh ar easaoránaigh iad nuair a dhéantar aslonnú.

Déanann an CSR feasacht a fheabhsú, comhairle a thabhairt agus easaoránaigh agus baill foirne eile a oiliúint maidir le ceisteanna cosanta/slándála.

Glacann an CSR páirt i gcur chun feidhme beart slándála agus déanann sé Ceanncheathrú agus Cinn Toscaireachtaí limistéir gheografaigh atá faoina chúram a choinneáil ar an eolas go tráthrialta trí thuairisciú ó bhéal agus i scríbhinn.

Déanann an CSR anailísiú riosca go tráthrialta ar thíortha atá faoina chúram le huirlisí anailísithe riosca atá aitheanta.

Nuair a iarrtar air é, glacann an CSR páirt, i gcomhar le Stiúrthóireacht Slándála SEGS, in athbhreithniú beartas, caighdeán agus nósanna imeachta slándála agus ina dtabhairt bord ar bord leis an aimsir.

Is féidir go mbeidh air iniúchtaí slándála maidir le ceisteanna sonracha a dhéanamh.

III. AMCHLÁR TÁSCACH AN PHRÓISIS ROGHNÚCHÁIN

Is é EPSO a bheidh i bhfeighil an phróisis, agus beidh de chúnamh aige bord roghnúcháin ina mbeidh ionadaithe ó sheirbhísí agus institiúidí an Aontais Eorpaigh. Ag seo an t-amchlár tásach:

CÉIM	Dátaí tásacha
Roghnú ar bhonn cáilíochtaí	Bealtaine–Meitheamh 2015
Triail inniúlachtaí	Meán Fómhair 2015
Torthaí na trialach inniúlachtaí	Deireadh Fómhair 2015

IV. INCHÁILITHEACHT

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárú ar líne, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

A. Coinníollacha ginearálta
(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach
(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh
(c) Aon oibleagáidí dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat
(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.
B. Íoschoinníollacha sonracha – oideachas/taithí
(a) OSR, Grúpa Feidhme III – oideachas iar-mheánscoile agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh; NÓ – meánscolaíocht agus cáilíocht bainte amach ag a deireadh a thugann rochtain ar an oideachas iar-mheánscoile agus trí bliana de thaithí oibre a bhaineann leis na dualgais atá leagtha síos i Roinn II. NÓ – i gcásanna eisceachtúla agus más gá ó thaobh leas na seirbhíse de, a chothrom de ghairmoiliúint i réimse na slándála (a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II)
(b) CSR, Grúpa Feidhme IV

- cúrsa iomlán staidéir ollscoile trí bliana ar a laghad agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh; NÓ
- i gcásanna eisceachtúla agus más gá ó thaobh leas na seirbhíse de, a chothrom de ghairmoiliúint ii réimse na slándála (a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II)

C. Eolas ar theangacha

(a) Teanga 1 (T1) agus	An phríomhtheanga: Sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh ³
(b) Teanga 2 (T2)	<p>Eolas sásúil (leibhéal B2⁴) ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis; an teanga a roghnaítear mar theanga 2 thuas, ní féidir í a roghnú mar theanga 1 freisin.</p> <p>I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Mór-Dhlísheomra) i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá de cheangal ar institiúidí an Aontais a shonrú cé hiad na fáthanna a bhfuil na teangacha as ar féidir an dara teanga a roghnú teoranta acu sa chomórtas seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.</p> <p>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a fhágann go gcaithfidh na hearcaigh nua bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn na hoibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór ar obair na n-institiúidí.</p> <p>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánaí, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Ós amhlaidh atá, is féidir bheith ag súil faoi láthair le leibhéal áirithe oideachais agus inniúlachtaí gairme a bheith ag iarrthóirí ar na poist in institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar a laghad mar theanga oibre. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina céad teanga oifigiúil aige, an triail a dhéanamh sa <u>dara</u> teanga aige, agus beidh an dara teanga le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, ligeann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha d'institiúidí an Aontais a mheas a ábalta atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá sin ar fad gan dochar don fhéidearthacht tríú teanga a fhoghlaim níos faide anonn i</p>

³ Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla (EN), an Bhulgáiris (BG), an Chróitis (HR), an Danmhairgis (DA), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fhraincis (FR), an Ghaeilge (GA), an Ghearmáinis (DE), an Ghréigis (EL), an Iodáilis (IT), an Laitvis (LV), an Liotuáinis (LT), an Mháltais (MT), an Ollainnis (NL), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSeicis (CS), an tSlóivéinis (SL), an tSlóvaicis (SK), an Spáinnis (ES), an tSualainnis (SV) agus an Ungáiris (HU).

⁴ Féach an tábla tagartha ar shuíomh gréasáin Europass:

http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=fr_FR

Tráth a gcláraithe, ní fhéadfaidh iarrthóirí ach ceann amháin de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh a roghnú mar phríomhtheanga (T1). Ní féidir an rogha teangacha a athrú i ndiaidh an fhoirm iarratais ar líne a bhailíochtú.

V. CONAS CLÁRÚ AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

Ní mór duit iarratas a chur isteach ar líne agus na teoracha ar shuíomh gréasáin EPSO á leanúint agat (http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm) sa treoirleabhar maidir le clárú go háirithe. Ní mór duit an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis.

Is fút féin amháin atá sé an t-iarratas ar líne a líonadh isteach agus a bhailíochtú roimh an spriocam. Moltar duit gan fanacht go dtí deireadh na tréimhse clárúcháin chun clárú mar go bhféadfadh sé, toisc trácht trom ar an idirlíon nó fabht a bheith sa nasc idirlín, go mbeadh ort an próiseas clárúcháin ar líne a thosú athuair, rud nach féidir a dhéanamh i ndiaidh an spriocama.

Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe breise a dhéanamh air mar go bpróiseálann EPSO na sonraí a chuirtear isteach láithreach chun an próiseas roghnúcháin a eagrú.

SPRIOCAM (an bailíochtú san áireamh)

24/03/2015 ar 12 a chlog (meán lae), am na Buiséile

VI. CÉIMEANNA ROGHNÚCHÁIN

ROGHNÚ AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ

Déanfar réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí na n-iarrthóirí, go háirithe maidir lena ndiplómaí agus taithí oibre, de réir na gcritéar atá leagtha amach thíos. Na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí acu is fearr a oireann do na dualgais agus do na critéir roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachtaí a dhéanamh.

Ag an gcéim sin den phróiseas roghnúcháin, ceapfar painéal roghnúcháin chun cuidiú le EPSO, go háirithe chun an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh.

CRITÉIR AN ROGHNAITHE AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ A DHÉANAMH

BAILL FOIRNE SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA

1	Oiliúint sa tslándáil (oiliúint phóilíneachta nó mhíleata) agus/nó a cothrom de theastas, ar oiliúint í a mhair 12 mhí ar a laghad, e.g. mar oifigeach coimisiúnaithe san arm (sáirsint ar a laghad – cothrom le cód céime OR-5 in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh nó níos airde)
2	Taithí oibre 6 bliana ar a laghad i gceann de na seirbhísí slándála seo a leanas: fórsaí armtha nó seirbhísí forghníomhaithe dlí Ballstát den Aontas, gnólacht slándála príobháideach atá aitheanta ag Ballstát den Aontas nó seirbhís slándála eagraíochta idirnáisiúnta
3	Taithí oibre ar bheith ar mhisin slándála (tréimhsí gearra idir 1 mhí agus 12 mhí) i dtíortha nach den Aontas iad (e.g. taithí ar chosaint ambasáidí, bainistiú slándála ar mhisin bhreathnóireachta ar thoghcháin, misin EUPOL, misin EUBAM, bainistiú

	slándála d'eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha)
4	Taithí oibre fhadtéarmach (12 mhí ar a laghad) le heasaoránaigh nó ar an gcoigríoch (seirbhís oibríochtúil i seirbhís phóilíneachta, in arm nó in eagrás de chineál eile) a bhaineann slándáil/cosaint daoine, earraí agus faisnéise agus/nó in ambasáid nó eagraíocht idirnáisiúnta
5	Taithí oibre ar bhainistiú slándála le linn géarchéime (e.g. géarchéim pholaitiúil nó dhaonnúil)
6	Cúrsaí oiliúna ar idirbheartaíocht i gcomhthéacsanna slándála, ar líonraí raidió a shuiteáil, ar gharchosaint nó ar shábháilteacht
7	Taithí oibre ar anailísí riosca/baoil agus/nó tuarascálacha maidir le bainistiú slándála a ullmhú/a dhréachtú
8	Taithí oibre ar phleananna teagmhasachta nó nósanna imeachta oibríochtúla caighdeánacha a ullmhú/a dhréachtú
9	Taithí oibríochtúil phraiticiúil ar chosaint ball foirne, foirgneamh, sócmhainní nó faisnéise
10	Sáreolas (leibhéal C1) ar an bhFraincis agus/nó ar an mBéarla, fiú más í teanga 1 nó 2 agat ceann den dá theanga sin
11	Eolas sásúil (leibhéal B2 ar a laghad) ar cheann de na teangacha seo a leanas: an Spáinnis, an Phortaingéilis (fiú más í teanga 1 agat ceann den dá theanga sin), an Rúisis nó an Araibis

COMHAIRLEOIRÍ SLÁNDÁLA RÉIGIÚNACHA

1	Oiliúint sa tslándáil (oiliúint phóilíneachta nó mhíleata) agus/nó a cothrom de theastas ar oiliúint í a mhair 24 mhí ar a laghad, e.g. mar oifigeach coimisiúnaithe san arm (leifteanant – ar a laghad - cothrom le cód céime OF-1 in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh nó níos airde)
2	Taithí oibre 8 mbliana ar a laghad i gceann de na seirbhísí slándála seo a leanas: fórsaí armtha nó seirbhísí forghníomhaithe dlí Ballstát den Aontas, gnólacht slándála príobháideach atá aitheanta ag Ballstát den Aontas nó seirbhís slándála eagraíochta idirnáisiúnta
3	Taithí oibre ar dhul ar mhisin slándála (téarmaí gearra idir 1 mhí agus 12 mhí) go dtí tíortha nach den Aontas iad (e.g. cosaint ambasáidí, bainistiú slándála ar mhisin bhreathnóireachta ar thoghcháin, misin EUPOL, misin EUBAM, bainistiú slándála ar eagraíochtaí idirnáisiúnta neamhrialtasacha)
4	Taithí oibre fhadtéarmach (12 mhí ar a laghad) le heasaoránaigh nó ar an gcoigríoch (seirbhís oibríochtúil do phóilíní, don arm nó do chomhlacht eile) a bhaineann slándáil/cosaint daoine, earraí agus faisnéise agus/nó in ambasáid nó eagraíocht idirnáisiúnta
5	Taithí oibre ar bhainistiú slándála le linn géarchéime (e.g. géarchéim pholaitiúil nó dhaonnúil)
6	Cúrsaí oiliúna ar idirbheartaíocht i gcomhthéacsanna slándála, ar líonraí raidió a shuiteáil, ar gharchosaint nó ar shábháilteacht
7	Taithí oibre ar anailísí riosca/baoil agus/nó tuarascálacha maidir le bainistiú slándála a ullmhú/a dhréachtú
8	Taithí oibre ar phleananna teagmhasachta nó nósanna imeachta oibríochtúla caighdeánacha a ullmhú/a dhréachtú
9	Taithí oibríochtúil phraiticiúil ar chosaint foirne, foirgneamh, sócmhainní nó faisnéise
10	Sáreolas (leibhéal C1) ar an bhFraincis agus/nó ar an mBéarla, fiú más í teanga 1 nó 2

	agat ceann den dá theanga sin
11	Eolas sásúil (leibhéal B2 ar a laghad) ar cheann de na teangacha seo a leanas: An Spáinnis, an Phortaingéilis (fiú más í teanga 1 nó 2 agat ceann den dá theanga sin), an Rúisis nó an Araibis

Tabhair do d'aire: Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, beidh ort do chuid doiciméad tacaíochta uile a chur ar fáil. Má fhaightear amach nach bhfuil an fhaisnéis a thug tú cruinn, dícháileofar thú ón bpróiseas roghnúcháin agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí.

— Is ar bhonn na faisnéise a thabharfaidh iarrthóirí sa chluaisín 'scagthóir buanna' san iarratas (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*), agus **ar an mbonn sin amháin**, a dhéanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí. Scrúdóidh an bord roghnúcháin freagraí na n-iarrthóirí agus tabharfaidh sé marc ó 0 go dtí 4 do gach freagra; iolrófar na marcanna ansin faoin ualú atá ag an gcritéar a bhaineann leis an gceist.

Na hiarrthóirí a ghnóthóidh na marcanna is airde, tabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachtaí a dhéanamh (is é sin, tuairim is trí oiread líon na n-iarrthóirí, do gach próifíl, atá de dhíth ar na hinstiúidí). Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh go léir an triail inniúlachtaí a dhéanamh.

TRIAIL INNIÚLACHTAÍ

Déanfaidh na hiarrthóirí triail inniúlachtaí chun a n-eolas ar an bpróifíl i gceist a mheasúnú.

Is iad na trialacha céanna a dhéanfaidh iarrthóirí Ghrúpa Feidhme III agus iarrthóirí Ghrúpa Feidhme IV, ach ní hionann na pasmharcanna ag an dá ghrúpa, mar atá léirithe sa tábla thíos. Má thoilíonn siad chuige (san fhoirm iarratais), aistreofar aon iarrthóirí a chuireann isteach ar Ghrúpa Feidhme IV agus nár ghnóthaigh pas, aistreofar iad ón ngrúpa sin go Grúpa Feidhme III, ar an gcoinníoll gur ghnóthaigh siad pas do Ghrúpa Feidhme III. I gcás an dá Ghrúpa Feidhme, teipfidh ar iarrthóirí nach ngnóthóidh pas.

Cineál na trialach	Fad ama na trialach	Teanga na trialach	Marcálfar an triail as	Pasmharc	
Ceisteanna ilroghnacha	50 nóiméad	Teanga 2 (T2)	25	GF III	GF IV
				13	16

Ar ríomhaire a dhéanfar na trialacha agus beidh siad ar siúl i gceann d'ionaid creidiúnaithe EPSO atá suite in áiteanna éagsúla sna mBallstát agus ar fud an domhain. Beidh liosta na n-ionad atá ar fáil sa litir chuiridh a chuirfear chuig na hiarrthóirí réamhroghnaithe.

VII. TORTHAÍ NA TRIALACH

Déanfar torthaí mhionscrúdú na CVanna agus torthaí na dtrialacha inniúlachtaí a fhoilsiú i gcuntas EPSO na n-iarrthóirí.

VIII. AINMNEACHA A CHUR SA BHUNACHAR SONRAÍ

Déanfar ainmneacha na n-iarrthóirí a ghnóthóidh pas sa triail inniúlachtaí a iontráil sa bhunachar sonraí; ní fhoilseofar iad in áit ar bith eile. Beidh rochtain ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ar an mbunachar sonraí. Beidh an bunachar sonraí bailí go ceann trí bliana ón dáta a gheobhaidh iarrthóirí a dtorthaí.

IX. IARRTHÓIRÍ A ROGHNÚ IS FÉIDIR A EARCÓFAR

Ní hionann ainm duine a bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanas go dtairgfear post dó. De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, cuardóidh na hinstiúidí an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a oireann do dhualgais an phoist. Má éiríonn an t-agallamh go maith leis an iarrthóir, is féidir go bhfaighidh sé tairiscint fhoirmiúil poist. Déanfar eolas an iarrthóra ar an bpríomhtheanga a mheas le linn an agallaimh sin freisin. Iarrthóirí nach bhfuil imréiteach pearsanra slándála acu cheana, beidh orthu é a iarraidh go foirmiúil go díreach i ndiaidh a n-earcaithe. An t-iarrthóir a roghnófar don phost, tairgfear conradh GC 3A⁵ nó conradh GC 3B⁶, de réir an fhostaitheora atá ag tairiscint poist, mar atá léirithe thíos.

Conradh	Áit oibre
Conradh 3B (conradh téarma chinnte)	An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (seachas toscaireachtaí de chuid an Aontais)
Conradh 3A (ar féidir go dtiocfadh conradh tréimhse éiginnte as)	Toscaireachtaí de chuid an Aontais sa domhan.

X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

Tá na forálacha maidir le nósanna imeachta achomhairc le fáil ar shuíomh gréasáin EPSO: http://europa.eu/epso/apply/how_apply/importantdocuments/index_ga.htm

XI. CUMARSÁID

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad — chun dul chun cinn an phróisis a leanúint agus chun an fhaisnéis i d'iarratas a sheiceáil. Chun cumarsáid a dhéanamh le EPSO, iarrtar ort dul chuig an [leathanach teagmhála](#) nó eu-careers.info.

Lena chinntiú go dtuigfear i gceart an t-ábhar scríofa ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú féin agus EPSO, ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sa chuireadh chun na trialach agus i ngach comhfhreagras idir tú agus EPSO.

XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEAN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN

Déanann EPSO gach iarracht féachaint chuige go n-urramaítear prionsabal na córa comhionainne. Dá bharr sin, má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas EPSO amháin, gur chuir tú níos mó ná aon iarratas amháin isteach sa phróiseas roghnúcháin seo nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, is féidir go ndícháileofar thú.

⁵ Faoi Airteagal 3a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ansin agus i bhForálacha Ginearálta Cur Chun Feidhme na hinstiúide, gníomhaireachta nó oifige.

⁶ Faoi Airteagal 3b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ansin agus i bhForálacha Ginearálta Cur Chun Feidhme na hinstiúide, gníomhaireachta nó oifige.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaos. Ba mhaith linn a chur in iúl nach n-earcaíonn na hinstiúidí ach na daoine sin a léiríonn go bhfuil siad sár-ionraic iontaofa.

XIII. SOCRUITHE SPEISIALTA D'IARRTHÓIRÍ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

(a) Míchumas atá ann tráth an t-iarratas a dhéanamh

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus an triail á déanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na trialach a éascú duit agus luaigh uimhir an nós imeachta roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (seachain agus ná fág na huimhreacha sin ar lár).
2.	<p>A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó dearbhú ó chomhlacht aitheanta (cibé acu is cuí) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta sin ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéid is féidir é) iarratais a mheasfar a bheith réasúnta.</p> <p>Ba cheart iarrataí agus doiciméid tacaíochta a sheoladh: trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu, EPSO-accessibility@ec.europa.eu, nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus <i>EPSO accessibility</i> luaite air, nó tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) <i>EPSO accessibility</i> (C-25) 1049 Bruxelles/Brussel AN BHEILG</p>

(b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh iarratas a chur isteach

1.	Má thagann míchumas den chineál thuasluaite chun cinn i ndiaidh an spriocama do na hiarratais ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach.
2.	<p>Seol na doiciméid a bhaineann le hábhar trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu, EPSO-accessibility@ec.europa.eu, nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus <i>EPSO accessibility</i> luaite air, nó tríd an bpost chuig: An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) <i>EPSO accessibility</i> (C-25) 1049 Bruxelles/Brussel AN BHEILG</p>